



## Preasráiteas

Lucsamburg, 1 Márta 2023

### Iarann na hiniúcháirí go ndéanfaí simpliú breise ar mhór-réimse casta airgeadais an Aontais

- o *Le 15 bliana anuas, tá iolrú tagtha ar líon na n-ionstraimí airgeadais lasmuigh de bhuiséad an Aontais rud a mhéadaigh castacht mhór-réimse airgeadais an Aontais*
- o *I gcás roinnt de na hionstraimí sin, tá bearna san iniúcháireacht ar a bhfeidhmíocht agus níl aon fhorghairseacht ag teacht ó Pharlaimint na hEorpa*

Leis na scórtha de bhlianta, is é an toradh a bhí ar an gcur chuige ilroinnte a glacadh chun mór-réimse airgeadais an Aontais a chur ar bun ná struchtúr manglaím atá róchasta agus nach bhfuil go hiomlán cuntasach go poiblí, de réir tuarascála nua ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa (CIE). Is é buiséad an Aontais atá i gcoilár an mhór-réimse, ach áirítear freisin líon méadaitheach ionstraimí seachbhuiséid agus hibrideacha. Tá iolrú tagtha ar líon na n-ionstraimí nuachruthaithe le 15 bliana anuas, agus molann na hiniúcháirí go ndéantar tuilleadh iarrachtaí chun iad a chomhdhlúthú.

*“Tá cur síos déanta ag Parlaimint na hEorpa ar mhór-réimse airgeadais an Aontais faoi láthair mar réaltra de chistí agus d’ionstraimí a bhaineann le buiséad an Aontais”, dúirt François-Roger Cazala, Comhalta CIE a bhí i gceannas ar an iniúchadh. “Cé go raibh cúiseanna ann dá gcruthú, creidimid go bhfuil tuilleadh simplithe agus cuntasachta ag teastáil chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus trédhearcacht”.*

Rinne na hiniúcháirí measúnú ar an gcúis ar tháinig méadú ar líon na n-ionstraimí éagsúlaithe nár comhtháthaíodh go hiomlán i mbuiséad an Aontais. Fuair siad amach, i bhformhór na gcásanna, gur imthosca dlíthiúla, polaitiúla nó eacnamaíocha ag an am ar cruthaíodh gach ionstraim ba chúis leis an ionstraim a choinneáil ar leithligh ó bhuiséad an Aontais. Mar shampla, b’éigean na hionstraimí atá bunaithe ar iasachtaíocht agus iasachtú chun cúnamh airgeadais a chur ar fáil a fhorbairt lasmuigh de bhuiséad an Aontais mar gheall nach féidir iasachtaí a chruinniú laistigh de. Cruthaíodh na hionstraimí sin den chuid is mó chun freagairt a luaithe agus ab fhéidir do ghéarchéimeanna (i.e. an ghéarghá le maoiniú a chur ar fáil don Ghréig agus chun freagairt do ghéarchéim an fhiachais cheannasaigh in 2010).

Cé go raibh údar maith lena gcruthú, ní raibh réamhmheastóireachtaí iomchuí in go leor ionstraimí: níor tacaíodh leis an dearadh a bhí roghnaithe (lena n-áirítear a gcineál seachbhuiséid) trí bhíthin measúnuithe tionchair nó réamhmheastóireachtaí comhchosúla mar iad i bhformhór na gcásanna. De réir na n-iniúcháirí, fágann sé sin freisin nach féidir a léiriú gur fearr ionstraim sheachbhuiséadach a

*Is é is cuspóir don phreasráiteas seo ná príomhtheachtaireachtaí na Tuarascála speisialta ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa a chur in iúl. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag [eca.europa.eu](https://eca.europa.eu).*

## ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg

E: [press@eca.europa.eu](mailto:press@eca.europa.eu) @EUAuditors [eca.europa.eu](https://eca.europa.eu)

chruthú ná buiséad an Aontais a úsáid, agus ní féidir a léiriú gurbh í an ionstraim bheartaithe an ceann ab éifeachtúla.

Tá éagsúlacht mhór idir gnéithe eile de na hionstraimí, rud a mhéadaíonn an leibhéal castachta: socruithe rialachais, mar shampla, fiú amháin i gcás gur beag cúis a bhí leis sin a dhéanamh, amhail le haghaidh ionstraimí iasachtaíochta agus iasachtaithe. Thairis sin, tá foinsí cistithe agus an bealach a thacaítear le dliteanais a d'fhéadfadh a bheith ann éagsúil.

Áirithíonn grinnscrúdú poiblí go bhfuil ionstraimí maoinithe dlisteanach, go bhfuil údar leo agus go bhfuil siad cuntasach, ach nach ndéantar grinnscrúdú iomlán ar thimpeallacht airgeadais an Aontais. Ba cheart tacar faisnéise comhdhlúite agus iomlán maidir leis na hionstraimí go léir a thiomnú agus a fhoilsiú, a mholann na hiniúcháirí. Cé go meastar gur céim dhearfach atá sa Tuarascáil maidir le Trédhearcacht Bhuiséadach ón gCoimisiún Eorpach a tugadh isteach le déanaí, ní chlúdaíonn sé sin na hionstraimí go léir. Thairis sin, tá bearna san iniúchadh ar fheidhmíocht ionstraimí nach gclúdaítear le cearta iniúcháireachta na Cúirte, agus tá formhaoirseacht Pharlaimint na hEorpa neamhiomlán freisin. Cruthaíonn sé sin bearna, ós rud é go bhféadfadh éagsúlacht a bheith ann de réir an chineáil ionstraime airgeadais a úsáidtear mar gheall ar nádúr nó leibhéal an ghrinnscrúdaithe poiblí – agus dá réir sin nádúr nó leibhéal na cuntasachta.

Tugann na hiniúcháirí ar aire go bhfuil méadú tagtha ar shocruithe solúbthachta bhuiséad an Aontais faoi chreat airgeadais 2021-2027, rud ar cheart ligean do bhuiséad an Aontais déileáil le riachtanais ar leith agus dothuartha ar bhealach níos fearr agus laghdú a dhéanamh ar an ngá le hionstraimí tiomnaithe a chruthú. Rinneadh dul chun cinn freisin maidir le roinnt ionstraimí a chomhdhlúthú i mbuiséad an Aontais. Mar gheall ar fhreagairt ar an ngéarchéim COVID-19 áfach, cruthaíodh dhá ionstraim nua (SURE agus NextGenerationEU) agus níl leas iomlán bainte as an bhféidearthacht atá ann simpliú a dhéanamh, go háirithe do na hionstraimí sin a chuireann cúnamh airgeadais ar fáil do Bhallstáit nó do roinnt tíortha nach bhfuil san Aontas. Molann na hiniúcháirí don Choimisiún Eorpach a mholadh go ndéanfaí an Ciste do Nuachóiriú a chomhtháthú i mbuiséad an Aontais agus go ndéanfaí ionstraimí um chúnamh airgeadais atá ann cheana a chomhtháthú agus a chomhdhlúthú.

## Faisnéis chúlra

Úsáidtear formhór mór bhuiséad an Aontais chun cláir chaiteachais a chistítear nó a sholáthraítear faoi phleanáil buiséid an Aontais a mhaoiniú (an creat airgeadais ilbhliantúil nó CAI mar a thugtar air). Tá cearta iomlána ag an gCúirt iniúchadh a dhéanamh ar a bhfuil faoi bhuiséad an Aontais. Clúdaítear sa tuarascáil ionstraimí atá lasmuigh de bhuiséad an Aontais go príomha a d'fhéadfadh oibríochtaí nua a dhéanamh i dtréimhse 2021-2027, nó a leanann de sócmhainní suntasacha nó dliteanais fhéideartha a ghiniúint don Aontas nó do na Ballstáit. Tá cearta iniúcháireachta freisin ag an gCúirt do go leor de na hionstraimí a ndearnadh anailís orthu sa tuarascáil seo, ach ní do gach ceann acu. Baineann SCE, EFSF agus BEI úsáid as iniúcháir seachtrach príobháideach, a oiread agus a úsáideann an tSaoráid Eorpach Síochána agus an Ciste don Nuachóiriú, nach raibh tuarascáil iniúcháireachta acu go dtí seo ós rud é gur cruthaíodh le déanaí iad. I gcás Shaoráid Iasachta na Gréige, is iad Uasfhorais Iniúcháireachta na mBallstát is iasachtóirí a bhfuil cearta iniúcháireachta acu. Mhol CIE i bhfoilseacháin roimhe seo agus athdhearbháíonn sé sa tuarascáil seo 'gur cheart sainorduithe iniúcháireachta poiblí a bhunú do gach cineál cistithe do bheartais an Aontais' agus 'gur cheart cuireadh a thabhairt do CIE iniúcháireacht a dhéanamh ar gach comhlacht a chruthaítear le comhaontuithe lasmuigh de chóras dlí an Aontais chun beartais an Aontais a chur chun feidhme. Ar an gcaoi chéanna, d'iarr Parlaimint na hEorpa go mbeadh

CIE níos rannpháirtí maidir le hiniúcháireacht a dhéanamh ar na hionstraimí sin agus d'iarr CIE go ndéanfadh Parlaimint na hEorpa formhaoirseacht níos fearr.

Tá Tuarascáil Speisialta 05/2023 *'Mór-réimse airgeadais an Aontais – Struchtúr manglaim a bhfuil tuilleadh simplithe agus cuntasachta ag teastáil'* ar fáil ar [shuíomh gréasáin CIE](#).

### **Teagmháil don phreas**

Preasoifig CIE: [press@eca.europa.eu](mailto:press@eca.europa.eu)

- Claudia Spiti: [claudia.spiti@eca.europa.eu](mailto:claudia.spiti@eca.europa.eu) – Fón póca: (+352) 691 553 547
- Damijan Fišer: [damijan.fiser@eca.europa.eu](mailto:damijan.fiser@eca.europa.eu) – Fón póca: (+352) 621 552 224
- Vincent Bourgeois: [vincent.bourgeois@eca.europa.eu](mailto:vincent.bourgeois@eca.europa.eu) – Fón póca: (+352) 691 551 502